

Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Ghaeilge

Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge

Tá Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge, fochoiste de Bhord na hOllscoile, agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga

Tá dualgais áirithe ar an Ollscoil de bharr [Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003](#), lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, foilseacháin áirithe, stáiseanóireacht agus fógraí taifeadta béil. Ina theannta sin, tá gealltanais tugtha ag an Ollscoil sna trí Scéim Teanga atá foilsithe go dtí seo go gcuirfead lena réimse seirbhísí dátheangacha trí ghníomhaíochtaí éagsúla.

Scéimeanna Cónaithe

Tá dhá scéim chónaithe Ghaeilge do mhic léinn ag an Ollscoil. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus an ceann eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus na dara bliana amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Cuireann baill na scéimeanna cónaithe an Ghaeilge chun cinn san Ollscoil trí fheachtais agus imeachtaí a réachtáil i rith na bliana.

Ranganna Gaeilge

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn araon le linn na dtéarmaí acadúla. Fógraítear na ranganna seo ag tús gach tearma acadúil.

Éigse na Tríonóide agus Imeachtaí Gaeilge

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide; féile seachtaine ina ndéantar réachtáil ar go leor ócáidí cultúrtha agus sóisialta lena n-áirítear ceolchoirmeacha, díospoireachtaí, taispeántais, srl. do mhic léinn agus do bhaill foirne araon. Eagraítear feachtais agus imeachtaí Gaelacha eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

Teagmhálacha

Oifigeach na Gaeilge: Guthán (01) 8963652, gaeloifig@tcd.ie

Eolas: www.tcd.ie/gaeloifig

Roinn na Gaeilge: Guthán (01) 8961450, mnibhraoc@tcd.ie

An Cumann Gaelach: coiste@cumann.ie agus www.cumann.ie

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: gaeilge@tcdsu.org